Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2024/2030(DEC)

14.11.2024

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

ar urscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad na ngníomhaireachtaí díláraithe don bhliain airgeadais 2023
(2024/2030(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Assita Kanko

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go dtugann Airteagal 8 CFAE sainordú don Aontas díriú ar neamhionannais a dhíothú agus comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn ina ghníomhaíochtaí uile; de bhrí gur ceart bunúsach é an comhionannas faoi Chonradh Liospóin agus gur tosaíocht don Aontas é agus go dtacaíonn an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) le hinstitiúidí an Aontais agus leis na Ballstáit an aidhm sin a bhaint amach;

B. de bhrí gur dhírigh obair EIGE in 2023 ar dhá thosaíocht théamacha: an Comhaontú Glas don Eoraip agus foréigean inscnebhunaithe; de bhrí go gcuireann géarchéimeanna le leochaileacht agus nochtadh na mban don fhoréigean, ina ngéaraítear ar neamhionannais struchtúracha láithreacha agus ina gcuirtear in olcas gach cineál foréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean fisiciúil, gnéasach agus síceolaíoch; de bhrí go bhfuil amhras ann faoi éifeachtacht ghníomhaíochtaí EIGE ar an gComhaontú Glas don Eoraip, ar gá iad a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta chun spriocanna insroichte a leagan síos i gcoitinne chun comhionannas a bhaint amach agus chun tacú le mná, go háirithe san Aontas;

1. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go ndearnadh misean EIGE a atreorú ón gcomhionannas a fheabhsú trína dhíriú ar an gComhaontú Glas don Eoraip; á chur i bhfios gur bhain EIGE 92.76% de chuspóirí a chláir oibre amach;

2. ag tabhairt dá haire gur féidir méadú 8.5% ar chostais foirne EIGE a chur síos don ráta ard boilscithe leanúnaigh chomh maith le hinnéacsú 2.7% ar thuarastail, agus gur fhan meánlíon na foirne ag 45; ag tabhairt dá haire gur fostaíodh beirt ghníomhairí ar conradh agus gur cistíodh iad le comhaontú ranníocaíochta IPA le hArd-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú; á aithint go bhfuil easpa foirne fós in EIGE agus á mholadh go ndíreoidh EIGE a chlár oibre ar fhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní agus, ag an am céanna, gan tús áite á thabhairt do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gComhaontú Glas don Eoraip i gcás inar gá i bhfianaise na n-acmhainneachtaí foirne reatha;

3. á aithint go ndearnadh bearta sonracha i réimse na bainistíochta airgeadais chun cur chun feidhme cuí creatchonarthaí idirinstitiúideacha a áirithiú.